C/2024/3932

19.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11518 — MACQUARIE / ABERDEEN / AIP / CERTAIN DIGI ASSETS IN SPAIN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3932)

1. An 11 Meitheamh 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Sota Investments (UK) Holdco Limited ('Macquarie', An Ríocht Aontaithe) faoi rialú deiridh Macquarie Group Limited ('Macquarie Group', An Astráil),

— Aberdeen Infrastructure (Holdco) IV-A, B.V. agus Aberdeen Infrastructure (Holdco) IV-B, B.V. ('Aberdeen' le ghnóthas), faoi rialú deiridh abrdn plc ('Aberdeen Group', An Ríocht Aontaithe),

— IAE-1 Holdco 4 Ltd. ('AIP'), atá mar chuid de Arjun Infrastructure Partners Limited ('AIP Group'), faoi rialú deiridh an Uasail Surinder Singh Toor (arb as an Ríocht Aontaithe dóibh ar fad), agus

— Líonra 'Snáithín optúil chomh fada leis an mbaile' ó Digi Spain Telecom, S.L.U. ('Digi') ('Certain Digi Assets in Spain', arb as an Spáinn dóibh ar fad).

Gheobhaidh Macquarie, Aberdeen, agus AIP rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Certain Digi Assets in Spain, atá faoi úinéireacht Digi faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is banc infheistíochta domhanda agus soláthraí seirbhísí infheistíochta é Macquarie Group atá gníomhach i réimse leathan gnóthaí, lena n-áirítear infheistiú i réimse leathan earnálacha amhail acmhainní agus tráchtearraí, fuinneamh, institiúidí airgeadais, bonneagar agus réadmhaoin.

— Is bainisteoir sócmhainní é Aberdeen Group a bhainistíonn aicmí sócmhainní éagsúlaithe is é sin cothromais, ioncam seasta, maoin, bonneagar agus cothromas príobháideach. Tá sé gníomhach i réimse leathan earnálacha lena n-áirítear iompar, bonneagar sóisialta, cóireáil dramhaíola agus uisce agus líonraí táirgthe fuinnimh ghlain.

— Is cuideachta neamhspleách bainistíochta sócmhainní é AIP Group atá tiomanta d'infheistíochtaí bonneagair mheánmhargaidh a fhorghníomhú agus a bhainistiú. Tá AIP Group gníomhach in earnáil na bhfóntas, earnáil an fhuinnimh, earnáil na bhfoinsí in-athnuaite, san earnáil dhigiteach agus in earnáil an iompair.

— Tá líonra 'Snáithín optúil chomh fada leis an mbaile' ag Certain Digi Assets in Spain ina bhfuil 6 000 000 aonad foirgnimh ar fud na Spáinne, agus a bhfuil 4 250 000 aonad foirgnimh den mhéid sin rolláilte amach agus nasctha ag Digi chun seirbhís rochtana idirlín a sholáthar do chustaiméirí miondíola sa Spáinn.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11518 — MACQUARIE / ABERDEEN / AIP / CERTAIN DIGI ASSETS IN SPAIN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.